# Polasaí Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Stiúrtha Choláiste na nOileán mar chuid de chód iompair iomlán an Choláiste.

*In accordance with the requirements of the Education (Welfare) Act 2000 and the code of conduct guidelines issued by the National Board for Educational Welfare the following anti-bullying policy has been adopted by the Board of Directors of Coláiste na Oileán as part of the overall code of conduct College.*

***Aidhmeanna an Pholasaí***

(i) Cultúr dearfach atá cuimsitheach agus fáilteach roimh dhifríocht a chothú;
(ii) Timpeallacht an Choláiste a chothú atá oscailte agus tacúil agus ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé;
(iii) Feasacht ar bhulaíocht mar iompar nach nglactar leis a mhúscailt i measc phobal an Choláiste (bainistíocht, príomhoidí, múinteoirí, daltaí, mná tí.);
(iv) A chinnntiú go ndéantar maoirseacht agus monatóireacht chuimsitheach ionas go gcoimeádtar súil ar na daltaí i ngach gníomhaíocht an Choláiste;
(v) Gnásanna a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a imscrúdú agus déileáil leis;
(vi) Gnásanna a sholáthar chun gur féidir iompar bulaíochta a thaifeadadh agus a thuairisciú;
(vii) Clár tacaíochta a cheapadh dóibh siúd a raibh tionchar ag iompar bulaíochta orthu agus dóibh siúd atá ag gabháil d'iompar bulaíochta;
(viii) Oibriú as lámha a chéile leis na gníomhaireachtaí áitiúla éagsúla a fhéachann le bulaíocht agus iompar frithshóisialta a chomhrac; agus.

*Aims of the Policy*

*(i) To foster a positive culture that is inclusive and welcoming of difference;*

*(ii) To foster a College environment that is open and supportive and in which students are encouraged to disclose and discuss bullying behaviour;*

*(iii) Raising awareness of bullying as unacceptable behavior among the College community (management, principals, teachers, students, housewives.);*

*(iv) To ensure that comprehensive supervision and monitoring is carried out so that the pupils are kept an eye on in all the activities of the College;*

*(v) Provide procedures to investigate and deal with bullying behaviour;*

*(vi) Provide procedures for recording and reporting bullying behaviour;*

*(vii) Designing a support program for those who have been affected by bullying behavior and for those who are engaged in bullying behavior;*

*(viii) Work hand in hand with the various local agencies that seek to combat bullying and anti-social behaviour; and.*

2. Aithníonn an Bord Stiúrtha Choláiste na nOileán a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim den Choláiste:
    - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
    - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus.
    - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
    - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
    - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena náirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

*1. The Board of Directors of Coláiste na nOileán recognizes the seriousness of bullying behavior and its negative impact on students, and the school accordingly undertakes to adhere to the following main principles of good practice in preventing bullying behavior and being fought.*

*• A positive culture prevails in the College:*

*♣ in which difference and diversity are eagerly accepted and respect for inclusiveness is shown;*

*♣ where students are encouraged to disclose and discuss bullying behavior in a non-threatening environment; and.*

*♣ in which relationships based on respect are promoted throughout the school community;*

*• Effective leadership;*

*• Partial understanding of what bullying is and the impact it can have*

*• Implementation of education and prevention strategies (including measures to raise awareness)*

*♣ fosters empathy, respect and resilience in students; and*

*♣ which specifically tackles cyberbullying and identity-based bullying, including homophobic and transphobic bullying;*

*• Effective supervision and monitoring of students;*

*• Supports for staff;*

*• Record and investigate incidents of bullying in a consistent manner and follow up on them (including the use of known intervention strategies); and*

*• Continuous evaluation of the effects of the anti-bullying policy*.

3. I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht.

**An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.**

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de *na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Tá liosta samplaí thíos. Ní liosta cuimsitheach é an liosta seo afách agus d'fheadfaí cineálacha eile bulaíocht a bheith ann.*

*3. The definition of bullying is in accordance with Primary and Post-Primary Anti-Bullying Procedures.*
*What is understood by bullying is unwanted negative behaviour, be it in the form of verbal, psychological or physical behaviour, perpetrated by an individual or a group against another person or persons, and repeated over and over again.*

*The definition of bullying includes the following types of bullying behaviour:*

*• intentionally excluding someone, engaging in malicious back-talk and other forms of bullying relationships between people;*
*• cyber bullying*
*• bullying based on identity, such as homophobic bullying, racist bullying, bullying based on membership of the Travelers and bullying a person with a disability or a person with special educational needs.*

*This definition of bullying does not include isolated or one-off incidents of deliberate negative behaviour, including one-off abusive or offensive texting or other private messages and should be dealt with, as appropriate, in accordance with a code of conduct of the school.*

*However, in light of this policy, any offensive message, image or public statement will be viewed on a public network website or other public forum where that message, image or statement can be viewed and/or repeated by others as bullying behaviour.*

*Negative behavior that does not fall within this definition of bullying will be dealt with in accordance with the school's code of conduct.*

*Additional information on the different types of bullying can be found in Section 2 of the Primary and Post-Primary Anti-Bullying Procedures. A list of examples is below. However, this list is not exhaustive and there may be other forms of bullying.*

**Samplaí d'Iompraíochtaí Bulaíochta**

| | |
|---|---|
| **Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht**<br><br>*Behaviors associated with all forms of bullying* | • *Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc.*<br>• *Forrántacht fhisiciúil*<br>• *Damáiste do mhaoin*<br>• *Leasainmneacha a ghlaoch*<br>• *Cleithmhagadh*<br>• *Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú*<br>• *Graifítí maslach*<br>• *Sracadh (extortion)*<br>• *Imeaglú*<br>• *Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla*<br>• *'Amharc' faoi leith*<br>• *Cur isteach ar spás pearsanta*<br>• *Meascán de na cinn a luaitear.*<br><br>*• Harassment based on any of the nine grounds in the equality legislation e.g. sexual harassment, homophobic bullying, race bullying, etc.*<br>*• Physical aggression*<br>*• Damage to property*<br>*• Calling nicknames*<br>*• Harassment*<br>*• Producing, displaying or disseminating pictures, written words, or other material intended to intimidate another* |

| | |
|---|---|
| | *person*<br>• *Offensive graffiti*<br>• *Extortion*<br>• *Intimidation*<br>• *Insulting or obscene gestures*<br>• *A specific 'View'*<br>• *Intrusion into personal space*<br>• *A combination of those mentioned.* |
| **Cibearbhulaíocht** | • **Tromaíocht**: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile<br>• **Ciapadh**: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach<br>• **Pearsanú**: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile<br>• **Gríosadh**: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh<br>• **Cleasaíocht**: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin<br>• **Sceitheadh**: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt<br>• **Leithcheal**: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó<br>• **Cibear-stalcaireacht**: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine<br>• Glao tostach gutháin/gutháin phóca<br>• Glao maslach gutháin/gutháin phóca<br>• Teachtaireacht téacs mhaslach<br>• Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach<br>• Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí<br>• Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín<br>• Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide<br>• *Slander: Spreading rumours, lies or gossip to damage another person's reputation*<br>• *Harassment: Continuously sending nasty, mean or obscene messages to someone* |

| | |
|---|---|
| | • *Impersonation: Posting offensive or offensive messages under someone else's name*<br>• *Incitement: Using obscene or provocative words to incite online fighting*<br>• *Scam: Tricking someone into sharing personal information and then using that information online*<br>• *Leaking: Posting or sharing confidential information or images*<br>• *Stalking: Deliberately singling out someone from an online group*<br>• *Cyber-stalking: Constant harassment and bullying that causes a person to fear for their safety*<br>• *Silent phone/cell phone call*<br>• *Abusive phone/cell phone calls*<br>• *An abusive text message*<br>• *An abusive email message*<br>• *Abusive communication on social networks e.g. Facebook/Ask.fm/Twitter/You Tube or on games consoles*<br>• *Offensive internet statements/blogs/pictures*<br>• *Offensive posts on any form of communication technology* |
| **Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas**<br>**Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas** (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).<br>*Behaviors based on Identity*<br>*Including any of the nine grounds of discrimination mentioned in the Equality Legislation (gender including transgender, civil status, family status, sexual* | |

| | |
|---|---|
| *orientation, religion, age, disability, race and being a Traveller).* | |
| **Homafóbach agus Trasinscne**<br>*Homophobic and Transgender* | • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine<br>• Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici<br>• Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine<br>• Imeaglú fisiciúil nó ionsaí<br>• Bagairtí<br>*spreading rumors about someone's sexual orientation*<br>*• Urging someone with a different sexual orientation*<br>*• Calling nicknames, e.g. gay, twisted, bent, used to throw someone down*<br>*• Physical intimidation or assault*<br>*• Threats* |
| **Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil**<br>*Race, nationality, ethnic background and membership of the Traveler community* | • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil<br>• Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas<br>*Discrimination, prejudice, remarks or insults relating to race, nationality, culture, social class, religion, background, ethnicity or Travelers*<br>*• Exclusion by virtue of any of the above* |
| ***Caidreamhach***<br>*Relational* | *Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:*<br>*• Biadán maslach*<br>*• Leithcheal agus aonrú*<br>*• Neamhaird*<br>*• Leithcheal ó ghrúpa*<br>*• Cairde a bhaint de dhuine*<br>*• 'Bitseáil'*<br>*• Ráflaí a scaipeadh*<br>*• Rún a sceitheadh*<br>*• Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í* |

| | |
|---|---|
| | • *'Amharc' faoi Leith*<br>• *'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine.*<br><br>*This involves mismanipulating relationships as a means of bullying. The behaviors include:*<br>*• Offensive food*<br>*• Isolation and isolation*<br>*• Inattention*<br>*• Isolation from group*<br>*• Unfriending someone*<br>*• 'Bitching'*<br>*• Spreading rumours*<br>*• To leak a secret*<br>*• Talk loud enough for the victim to hear*<br>*• Separate 'View'*<br>*• Using 'nerd' to annoy someone.*<br>• |
| **Gnéasach**<br><br>*Sexual* | • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne<br>• Ciapadh<br><br>*• Inappropriate or unexpected sexual statements or contact*<br>*• Harassment* |
| **Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas**<br><br>*Special Educational Needs, Disability* | • Leasainmneacha a ghlaoch<br>• Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama<br>• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint<br>• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint.<br>• Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile<br>• Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile<br><br>*• Calling nicknames* |

| | |
|---|---|
| | *• Urge others because of their disability or learning needs*<br>*• Discover the vulnerabilities of other students and their limited ability to recognize bullying and protect themselves*<br>*• Acknowledge the vulnerabilities of other students and their limited ability to recognize social situations and social cues and protect themselves.*<br>*• Mimicking another person's disability*<br>*• Making fun of other people* |

4. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

   Glacfaidh an múinteoir / Ard Chinnire is gaire don ghasúr freagracht as an gcás a imscrúdú agus deileáil leis, go hiondúil an múinteoir ranga a bheas i gceist. Ní mór an príomhoide a chur ar an eolas chuile chéim den chás

*4. The relevant teacher(s) who will investigate and deal with bullying are as follows:*

*The teacher / Headteacher closest to the boy will take responsibility for investigating and dealing with the situation, usually the class teacher involved. The principal must be informed at every stage of the situation*

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa Choláiste:

*5. The following are the educational and prevention strategies (including strategies specifically aimed at cyberbullying and identity-based bullying, especially homophobic and transphobic bullying) that will be used in the College:*

- Ag tógáil agus ag coinneáil cultúr scoile dearfach (féach Aguisín 4 thíos).

*Building and maintaining a positive school culture (see Appendix 4 below).*

- le deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun braistint dhearfach dá fhiúntas féin a chothú.

*to give students opportunities to develop a positive sense of their own worth.*

- An polasaí seo a scaipeadh i measc pobail an Choláiste.

*Circulate this policy among the College community.*

- Déanfar cúram speisialta do dhaltaí faoi mhíchumas agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus bearta á ndéanamh ag scoil chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta nó é a chosc. Ní mór an beartas frithbhulaíochta a bheith i gcomhréir le beartais agus tacaíochtaí eile na scoile agus a chinntiú go n-oibríonn na seirbhísí ar fad a dhéanann soláthar do dhaltaí mar iad as lámha a chéile. Ar na bearta is féidir a dhéanamh chun an dóchúlacht go ndéanfar bulaíocht ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a laghdú tá cuimsiú a fheabhsú, díriú ar scileanna sóisialta a shealbhú, aird a dhíriú ar phríomhócáidí mar an t-athrú ón mbunscoil go dtí an iar- bhunscoil agus dea-chultúr scoile a chothú ina léirítear meas ar chách agus ina dtugtar lámh chúnta don uile dhuine

*Special care will be taken for students with disabilities and students with special educational needs when measures are taken by a school to combat or prevent bullying behaviour. The anti-bullying policy must be consistent with the school's other policies and supports and ensure that all the services that provide for students like them work hand in hand. Actions that can be taken to reduce the likelihood of bullying for students with special educational needs include improving inclusion, focusing on acquiring social skills, focusing on key events such as the transition from primary school to fostering a post-primary school and a good school culture where everyone is respected and everyone is given a helping hand*

- Ní mór do bhearta coiscthe agus múscailt feasachta déileáil go sainráite leis an gcibearbhulaíocht. An tslí is fear le dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht ná é a chosc ar an gcéad dul síos. Ba cheart bearta coiscthe agus múscailt feasachta a dhíriú ar oideachas a chur ar dhaltaí faoin tslí le hiad féin a iompar ar líne, faoin tslí le bheith sábháilte ar líne agus ar conas cultúr a chothú ina dtuairiscítear aon údar imní mar gheall ar chibearbhulaíocht. Gnéithe tábhachtach den chur chuige sin is ea cur chuige Coláiste  uile a bheith ann agus ról gníomhach a bheith ag tuismitheoirí. Ba cheart a chur san áireamh sna bearta coiscthe agus múscailt feasachta an deis atá ann chun gabháil don chibearbhulaíocht ar áiseanna teicneolaíochta atá ar fáil laistigh den choláiste.. Tá cosc iomlán ar fón póca sa Choláiste, taobh amuigh de am sosa sa teach lóistín.

*Prevention and awareness-raising measures must specifically deal with cyberbullying. The best way to combat cyberbullying is to prevent it in the first place. Prevention and awareness-raising measures should focus on educating students about how to behave online, how to stay safe online and how to foster a culture of reporting any*

*concerns about cyberbullying. Important aspects of that approach are a whole College approach and an active role for parents. Prevention and awareness raising measures should take into account the opportunity to engage in cyberbullying on technological facilities available within the college. Mobile phones are completely prohibited in the College, outside of break time in the boarding house.*

- Deiseanna a chur ar fáil i ngníomhaíochtaí spóirt chun ionsaitheacht a úsáid ar mhaithe le rud fiúntach a bhaint amach agus chun féinsmacht a fhoghlaim (.i.e. Blitzeanna spóirt).

*Providing opportunities in sports activities to use aggression to achieve something worthwhile and to learn self-discipline (ie sports blitzes).*

- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, ar chlós an Choláiste, ag an loch, ar thurasanna agus ar ghníomhaíochtaí spóirt. Tabharfar ar bhaill foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhaill eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa Choláiste.

*Supervision and monitoring of classrooms, corridors, the College yard, the lake, trips and sports activities. Staff members who are not teaching and other members will be asked to be alert and report incidents to the relevant teachers. It will involve supervision in relation to students' use of communication technology in the College*

- Forbairt agus cur chun cinn Cód Frithbhulaíochta don Choláiste le cur ar taispeáint i seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sa Choláiste.

*Development and promotion of an Anti-Bullying Code for the College to be displayed in classrooms and public areas in the College.*

- Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach.

*Encouraging a narrative culture, with particular emphasis on the importance of witnesses. In that way students will have confidence in telling. This aspect of trust is crucial. It should be made clear to all students when reporting incidents of bullying that they are not telling or leaking but acting responsibly.*

- Déanfaidh muid cinnte de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, mar shampla:

- Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
- Tabhairt ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint.
- Déanamh cinnte de go dtuigeann finnéithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint.

*We will make sure that pupils know who they should tell and how to do it, for example:*

*♣ Go straight to a teacher at an appropriate time, for example after class.*

*♣ Tell a parent(s)/guardian(s) or a friend.*

*♣ Making sure witnesses understand the importance of reporting what they see or know about the bullying going on*

Seo a leanas straitéisí Choláiste na nOilean chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):

*6. The following are Coláiste na n'Olean's strategies for investigating bullying behaviour, for following up on them and for recording bullying behavior together with the established intervention strategies that the school will use to deal with cases of bullying behavior (See Section 6.8 of the Primary and Post-Primary Anti-Bullying Procedures):*

6.

(i) Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aici/aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin (seachas milleán a chur);

*6.*

*(i) The main aim of the relevant teacher when investigating bullying will be to address any issue that needs to be resolved and to restore the relationship between the parties involved as much as possible that (rather than to blame);*

(ii) Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb;

*(ii) When investigating bullying, or when dealing with bullying, the teacher will use her professional judgment to determine whether bullying has occurred and how best to deal with the problem;*

(iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach;

iii) *All reports, including anonymous reports, must be investigated and dealt with by the relevant teacher. In this way, students will have more confidence that bullying is worth reporting. It is essential to build that confidence among the students. It should be clearly said to the students that they are not giving tips when they report incidents of bullying but are behaving in a responsible way;*

(iv) Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin;

*(iv) Parents and students must co-operate with any investigation and help the school resolve any bullying issue and restore the relationship between the parties involved in the bullying as it was, as much as possible that;*

(v) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá;

*(v) It is vital that everyone involved (including all groups of students and parents) understands the approach from day one;*

(vi) Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh;

*(vi) Teachers should have a smooth, problem-solving, non-emotional approach when dealing with allegations of bullying behavior reported to them by students, staff members or parents;*

(vii) Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint;

*(vii) It is usually best to investigate incidents outside the classroom to protect the privacy of everyone involved;*

(viii) Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go híogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin;

*(viii) All interviews should be conducted sensitively with regard to the rights of each student concerned. Students who are not directly involved in the bullying could provide useful information in such an interview*

(ix) Agus anailís á dhéanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cén háit, cén uair, cén duine nó cé na daoine, agus cén fáth? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach

*(ix) When analyzing incidents of bullying behaviour, the relevant teacher should seek answers to the questions what, where, when, who or who, and why? Those questions should be asked quietly and peacefully, to give an example of how to deal with conflict effectively and non-aggressively;*

(x) Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile, má tá sé féiliúnach é seo a dhéanamh.

*(x) If a group is involved, each member of the group should be interviewed individually. The whole group should be spoken to afterwards. At the group meeting, each member should be asked to give an account of what he/she saw to ensure that the whole group hears each other's accounts, if it is appropriate to do this.*

(xi) Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an múinteoir;

*(xi) All members of the group should be supported in view of the pressures that other members of the group may put on them after the interview with the teacher;*

(xii) D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos;

*(xii) It may be appropriate or helpful to ask the people involved in the incident to write down their account of the incident;*

(xiii) I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh (le tagairt do bheartas na scoile). Tabharfaidh an Choláiste deis phlé do na tuismitheoirí ar shlite ina bhféadfaí bearta an Choláiste agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú;

*(xiii) In cases where the relevant teacher determines that bullying has taken place, contact should be made, as soon as possible, with the parents of the parties in question to inform them of the situation and explain the measures that will be taken (with reference to school policy). The College will give the parents the opportunity to discuss ways in which the College's measures and the support for the students could be reinforced or increased*;

(xiv) I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó sé an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi;

*(xv) (xiv) Where the relevant teacher determines that a student has engaged in bullying behaviour, it should be clearly pointed out to her or him that she or he has breached the school's anti-bullying policy and efforts should be made to make him or her see the situation from the point of view of the student who is being bullied;*

(xvi) Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an Choláiste;

*(xvi) It must be clear to everyone involved (each group of students and parents) in any situation where discipline is required, that it is a private matter between the student being disciplined, her or his parents and the College ;*

(xvii) Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann tairbhe theiripeach a bheith ag gabháil le cruinnithe mar sin;

*xvii) Additional meetings with the parties in question should be arranged to try to bring them together further if the bullied student is happy with that. Meetings like that can have a therapeutic benefit;*

(xviii) Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

- Ar scoireadh den iompar bulaíochta ó shin;
- Ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
- An bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
- Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile.

*(xviii) In deciding whether a case of bullying has been appropriately and adequately dealt with, the relevant teacher must, as part of his or her professional judgement, take into account the following factors:*

*• The bullying behavior has since ceased;*

*• Has any issue to be resolved between the parties been resolved, as much as possible;*

*• Has the relationship between the parties been restored to what it was, as much as possible;*

*• Any feedback received from the parties in question, from their parents or from the Principal or Deputy Principal of the school.*

(xix) I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an Choláiste le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna an Choláiste maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir;

*xix) Where a parent is not satisfied that the College has dealt with a case of bullying in accordance with these procedures, the College's procedures for making a complaint must be communicated to the parent;*

## Gnásanna chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

Ní mór don Bhord Stiúrtha a chinntiú go mbíonn gnásanna soiléire ag an Choláiste chun iompar bulaíochta a nótáil agus a thuairisciú go foirmiúil agus ní mór na gnásanna sin a bheith doiciméadaithe mar chuid de bheartas frithbhulaíochta an Choláiste. Ní mór gach taifead a choimeád i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí cosanta sonraí. Ní mór do ghnásanna na scoile chun iompar bulaíochta a nótáil agus a thuairisciú cloí leis na rialacha seo a leanas:

(i) Bíodh is go gcaithfear gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm i dtaobh bulaíochta, a imscrúdú agus go gcaithfidh an múinteoir ábhartha déileáil leo, bainfidh an múinteoir ábhartha leas as a breithiúnas gairmiúil i dtaca leis na taifid de na tuairiscí sin a bheidh le coinneáil, na bearta a dhéanfar agus aon phlé leo siúd atá bainteach leis an mbulaíocht maidir leis an gcéanna;

(ii) Má fhaigheann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta.
(iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad tuairiscithe in Aguisín 5 a úsáid chun an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sna cásanna seo a leanas:

I ngach ceann de chásanna (a) agus (b) thuas, ní mór an teimpléad taifeadta in **Aguisín 5** a chomhlánú ina iomláine agus ní mór don mhúinteoir i dtrácht é a choimeád agus cóip a chur ar fáil don Phríomhoide nó don LeasPhríomhoide, faoi mar a bheadh. Ba cheart é a nótáil nach gciallaíonn an amlíne chun iompar bulaíochta a thaifeadadh sa teimpléad taifeadta ag **Aguisín 5** nach féidir leis an múinteoir ábhartha dul i gcomhairle leis an bPríomhoide nó an Leas-Phríomhoide ag céim níos luaithe i dtaca le cás.

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:

*Procedures for recording bullying behaviour*

*The Board of Directors must ensure that the College has clear procedures for noting and formally reporting bullying behavior and these procedures must be documented as part of the College's anti-bullying policy. All records must be kept in accordance with the appropriate data protection legislation. The school's procedures for noting and reporting bullying behavior must comply with the following rules:*
*(i) Although all reports, including anonymous reports of bullying, must be investigated and dealt with by the relevant teacher, the relevant teacher will use her professional judgment in relation to the records of such reports to be retained, the measures to be taken and any discussion with those involved in the bullying in relation to the same;*
*(ii) If the relevant teacher discovers that bullying has taken place, the relevant teacher must keep written records to help her/him resolve the issue and restore the relationship between the parties as much as possible.*
*(iii) The relevant teacher must use the reporting template in Appendix 5 to record the bullying behavior in the following cases:*

*In each of the cases (a) and (b) above, the template recorded in Appendix 5 must be completed in its entirety and the teacher in question must keep it and provide a copy*

*to the Principal or Deputy Principal, under that would be. It should be noted that the timeline for recording bullying behavior in the recording template at Appendix 5 does not mean that the relevant teacher cannot consult the Principal or Deputy Principal at an earlier stage in relation to a case.*

*7. The school's support program for students who have been bullied is as follows:*

***Tacaíochtaí do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:***

Cuirfear gach tacaíocht agus deis ar fáil do dhaltaí a fhulaingíonn an bhulaíocht trí deiseanna a thabhairt dóibh chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun a bhféinmheas a mhéadú, a scileanna cairdis agus sóisialta a fhorbairt agus athléimneacht a chothú iontu a bheadh ag teastáil ó dhaltaí mar sin mar shampla obair i ngrúpaí, am ciorcail.
Má bhíonn comhairleoireacht nó tacaí breise de dhíth ar dhaltaí, déanfaidh an Choláiste a dícheall dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí cuí chun é sin a eagrú.
Ba chóir do dhaltaí a thuiscint nach mbíonn aon fhinnéithe gan locht ann agus gur chóir gach iompraíocht bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoir.

*Supports for students who have been bullied:*

*Every support and opportunity will be made available to students who suffer bullying by giving them opportunities to participate in activities to increase their self-esteem, develop their friendship and social skills and build resilience in them that such students would need for example group work, circle time.*
*If students need counseling or additional supports, the College will endeavor to consult with the appropriate agencies to organize this.*
*Students should understand that there are no innocent witnesses and that all bullying behavior should be reported to a teacher*.

***Tacaíochta do dhaltaí a bhí ag gabháil d'iompar bulaíochta***

Beidh an tacaíocht seo mar chuid den phróiseas idirghabhála an Choláiste. D'fhéadfadh comhairleoireacht a bheith de dhíth ar dhaltaí a ghabhann d'iompar bulaíochta chun gur féidir leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a shárú.

*Support for students who were engaged in bullying behaviour*

*This support will form part of the College's mediation process. Students who engage in bullying behavior may need counseling so they can learn other ways to get their needs met without violating the rights of others.*

## 8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Stiúrtha An Choláiste go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

*8. Effective Supervision and Monitoring of Students*

*The An Coláiste Board of Directors confirms that appropriate supervisory and monitoring policies and practices are in place to prevent and deal with bullying behavior and to facilitate early intervention where possible.*

## 9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Stiúrthaa go ndéanfaidh an Choláiste, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

- Ghlac an Bord Stiúrtha Choláiste na nOileán an beartas seo an ____________________________ [dáta].

- Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, tá sé ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é. Gheobhaidh gach tuismitheoir a chlárann a ngasúr sa scoil cóip den bpolasaí seo.

- Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, cuirfear é ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é

***Síniú Príomhoide Cúrsa A:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa B:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa C:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Bainistíochta:*** ________________________________ ***Dáta:*** _________________

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: ________________________________

# Aguisíní

| | |
|---|---|
| Aguisín 1 | Cineálacha Bulaíochta |
| Aguisín 2 | Tionchar an iompair bhulaíochta |
| Aguisín 3 | Táscairí d'iompar bulaíochta |

## Aguisín 1 - Cineálacha Bulaíochta

Seo a leanas cuid de na cineálacha iompair bhulaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhaltaí:

- **Ionsaitheacht fhisiciúil**: Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo. Is minic a théann daltaí i mbun 'troideanna bréige', ach féadtar úsáid a bhaint astu chun ciapadh fisiciúil a dhéanamh faoi cheilt, sin nó duine a ghortú.
- **Imeaglú**: Cineál ar leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. D'fhéadfadh aghaidh a léiríonn ionsaitheacht agus/nó míghnaoi a bheith ina chúis mhór imní.
- **Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile:** Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhair air/uirthi d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta agus féadann sé a bheith deacair a bhrath.D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith á scríobh mar gheall ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nólíníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogar ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é. Meastar go mbíonn caidreamh bulaíochta ann nuair a dhiúltaítear go leanúnach d'iarrachtaí duine caidreamh a bheith aige/aici le piaraí agus gaol a chothú leo, nó nuair a bhaintear an bonn de na hiarrachtaí sin. Bíonn rialú i gceist i gceann de na cineálacha is coitianta: "Déan seo, siúd nó eile, nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó" (ráite nó intuigthe); grúpa a bhailíonn le chéile in aghaidh duine amháin (cailín nó buachaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.
- **Cibearbhulaíocht**: Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag athrú an t-am ar fad. Is bulaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. An cineál bulaíochta ar líne is coitianta ná teachtaireachtaí míchuí nó goilliúnacha a dhíriú ar dhuine. De bhrí go n-úsáideann an chibearbhulaíocht modhanna teicneolaíochta chun an t-iompar bulaíochta a choimeád ag imeacht agus nach gá teagmháil duine le duine, féadfaidh an chibearbhulaíocht tarlú uair ar bith (lá nó oíche). Is iomaí cineál bulaíochta is féidir a éascú tríd an gcibearbhulaíocht. Mar shampla, d'fhéadfaí téacsteachtaireachtaí homafóbacha a sheoladh chuig duine nó pictiúir a phostáil mar aon le ráitis dhiúltacha mar gheall ar ghnéasacht duine, cuma duine srl.
- **Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine**: Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fhisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó ar ghuth so-aitheanta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmneacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste ná mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.
- **Dochar do mhaoin**: Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoin phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadfaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.
- **Sracadh**: D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuair a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoin a ghoid arson duine eile atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

## Aguisín 2 - Tionchar an iompair bhulaíochta

Daltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh orthu, féadfaidh siad mothúcháin éagsúla a bheith acu – neamhdhiongbháilteacht, náiriú agus imní throm, rud a dhéanann níos soghonta iad, uaireanta. D'fhéadfaí an fhéinmhuinín a laghdú, as a leanann laghdú ar fhéinmheas. Is minic nach labhraíonn na daltaí i dtrácht faoin méid atá ar siúl ach tugtar athrú ar ghiúmar agus ar iompar faoi deara. Má bhíonn an bhulaíocht go dona, féadfaidh an dalta lámh a chur ina bás nó ina bhás féin. Mar sin tá sé ríthábhachtach tuiscint a bheith againn ar cad is ciall le hathruithe ar iompar, ionas gur féidir idirghabháil luath a dhéanamh. Dá luaithe a dhéantar an idirghabháil is ea is fearr.

Daltaí a thugann bulaíocht faoi deara, d'fhéadfadh sí cur isteach orthu agus d'fhéadfaidís siúd a bheith ag fulaingt chomh mór céanna leis an duine nó na daoine is ábhar don bhulaíocht. Mar shampla, daoine a bhfuil tréithe i bpáirt acu le duine a bhfuil bulaíocht bunaithe ar aitheantas á déanamh uirthi nó air, féadfaidh imní teacht orthu go bhfuil siad féin i mbaol. Féadann daltaí a bhrath go bhfuil siad ciontach nó bheith trí chéile toisc nach féidir leo cabhrú leis an té is ábhar don bhulaíocht.

Bíonn iarmhairtí ann do dhaoine a ghabhann d'iompar bulaíochta. Daltaí a ghabhann d'iompar bulaíochta, is airde an dóchúlacht go dtiocfaidh dúlagar orthu. Iarmhairtí eile fadtéarmacha eile a d'fhéadfadh a bheidh ann ná
pearsantacht fhrithshóisialta, neamhord imní, mí-úsáid substainte agus iompar in aghaidh an dlí mar dhuine fásta agus laghdú ar ghnóthachtáil oideachais agus ceirde.

# Aguisín 5 - Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm: ___________________Teach Lóistín________________________ Rang: ___________________

2. Ainm(neacha,) teach lóistín & rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

3.An t-iompar is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)

| | |
|---|---|
| An dalta i dtrácht | |
| Dalta eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir | |
| Eile | |

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)

| | |
|---|---|
| Clós | |
| Seomra ranga | |
| Dorchla/pasáiste | |
| Leithris | |
| Loch | |

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta

| |
|---|
| |

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaitheacht Fhisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Dochar do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Eisiamh | | Cúlchaint mhailíseach | |
| Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine: | | Eile (tabhair do thuairim) | |

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

| Homafóbach | Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais | Ciníoch | Ballraíocht den Lucht Siúil | Eile (sonraigh) |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

***Síniú Príomhoide Cúrsa A:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa B:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa C:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa D:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Cúrsa E:***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Príomhoide Bunscoil :***___________________________ ***Dáta:*** _________________

***Síniú Bainistíochta:*** ________________________________ ***Dáta:*** _________________

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide: ______________